AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 681 final

ANNEX

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le TOGRA ón gCOIMISIÚN le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE Uimh. X/2023

maidir leis an seasamh ata le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le Cinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta

[…]

IARSCRÍBHINN

TÁ AN CHOMHAIRLE COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS,

Ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAlbáine (dá ngairtear 'an Albáin' anseo feasta), den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 120 (4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hidirphlé agus comhar idir na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta chomh maith le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla san Aontas Eorpach agus iad siúd san Albáin is féidir rannchuidiú go mór le forbairt a gcaidreamh agus le lánpháirtiú na hEorpa.

(2) Dealraíonn sé gurb iomchuí an comhar sin a eagrú trí bhíthin dhá Chomhchoiste Comhairliúcháin a bhunú;

(a) comhchoiste amháin idir Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, de pháirt amháin, agus comhpháirtithe sóisialta na hAlbáine agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta den pháirt eile;

(b) agus comhchoiste eile idir Coiste na Réigiún de pháirt amháin agus ionadaithe tofa údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine, den pháirt eile.

(3) Dá bhrí sin, is gá rialacha nós imeachta na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, arna nglacadh le Cinneadh Uimh. 1/2009, a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Leasófar Cinneadh Uimh. 1/2009 trí na hAirteagail seo a leanas a chur leis:

Airteagal 14

An Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

(1) Bunaítear leis seo Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus é de chúram air cabhrú leis an gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais d'fhonn idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta, san Aontas Eorpach agus san Albáin. Cuimseofar san idirphlé agus sa chomhar sin gach gné ábhartha den chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Albáin, de réir mar a thagann siad chun cinn i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais. Díreofar an t-idirphlé agus an comhar sin go háirithe ar na nithe seo a leanas:

(a) Fostóirí, oibrithe agus eagraíochtaí sochaí sibhialta eile na hAlbáine a ullmhú le haghaidh gníomhaíochta faoi chuimsiú bhallraíocht an Aontais Eorpaigh amach anseo;

(b) Fostóirí, oibrithe agus eagraíochtaí sochaí sibhialta eile na hAlbáine a ullmhú dá rannpháirtíocht in obair Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tar éis aontachas na hAlbáine;

(c) Faisnéis a mhalartú maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, go háirithe maidir le staid na himeartha atá cothrom le dáta i ndáil leis an bpróiseas

aontachais chomh maith le fostóirí, oibrithe agus eagraíochtaí sochaí sibhialta eile na hAlbáine a ullmhú don phróiseas sin;

(d) Malartuithe taithí agus idirphlé struchtúrtha a spreagadh idir A) fostóirí na hAlbáine, oibrithe agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta agus B) fostóirí, oibrithe agus eagraíochtaí sochaí sibhialta eile na mBallstát, lena n-áirítear trí líonrú i réimsí sonracha ina bhféadfadh teagmhálacha díreacha agus comhar a bheith ar an mbealach is éifeachtaí chun fadhbanna ar leith a réiteach;

(e) Aon ábhar eile a thagann chun cinn i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais a phlé, lena n-áirítear i ndáil le próiseas aontachais na hAlbáine leis an Aontas Eorpach.

(2) Beidh an Comhchoiste Comhairleach le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa comhdhéanta de sheisear ionadaithe ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus seisear ionadaithe ar chomhpháirtithe sóisialta na hAlbáine agus ar eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta. Is féidir iarraidh ar bhreathnóirí páirt a ghlacadh ann freisin.

(3) Déanfaidh an Comhchoiste Comhairleach le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a chúraimí a chomhall ar bhonn comhairliúcháin ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais nó, maidir le hagallamh idir lucht eacnamaíoch agus sóisialta a chur ar aghaidh, ar a thionscnamh féin.

(4) Roghnófar na comhaltaí chun a áirithiú go mbeidh an Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa chomh dílis agus is féidir leis na comhpháirtithe sóisialta éagsúla agus le heagraíochtaí eile na sochaí sibhialta, san Aontas Eorpach agus san Albáin araon. Déanfaidh rialtas na hAlbáine ainmniúcháin oifigiúla chomhaltaí na hAlbáine ar bhonn moltaí ó na comhpháirtithe sóisialta agus ó eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta. Beidh na moltaí sin bunaithe ar nósanna imeachta roghnúcháin cuimsitheacha trédhearcacha i measc na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta.

(5) Beidh an Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa comhdhéanta de sheisear ionadaithe ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus seisear ionadaithe ar chomhpháirtithe sóisialta na hAlbáine agus ar eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta.

(6) Glacfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a rialacha nós imeachta féin.

(7) Íocfaidh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ar thaobh amháin, agus Rialtas na hAlbáine, ar an taobh eile, as na speansais a thabhóidh siad mar gheall ar a dtoscairí a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Chomhchoiste Chomhairligh agus a mheithleacha maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe.

(8) Is ar an bPáirtí a óstálfaidh na cruinnithe a thitfidh aon chostas eile a bhaineann le heagrú ábhartha na gcruinnithe.

Airteagal 15

An Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún

(1) Bunaítear leis seo Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún agus é de chúram air cabhrú leis an gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais d’fhonn idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san

Aontas Eorpach agus iad siúd san Albáin. Díreofar an t-idirphlé agus an comhar sin go háirithe ar na nithe seo a leanas:

(a) Údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine a ullmhú le haghaidh gníomhaíochta faoi chuimsiú bhallraíocht an Aontais Eorpaigh amach anseo;

(b) Údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine a ullmhú dá rannpháirtíocht in obair Choiste na Réigiún tar éis aontachas na hAlbáine;

(c) Faisnéis a mhalartú maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh atá ann faoi láthair, go háirithe maidir le staid na himeartha atá cothrom le dáta i ndáil le beartas réigiúnach Eorpach agus leis an bpróiseas aontachais chomh maith le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine a ullmhú do na beartais sin;

(d) Idirphlé struchtúrtha iltaobhach a spreagadh idir A) údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine agus B) údaráis áitiúla agus réigiúnacha na mBallstát, lena n-áirítear trí líonrú i réimsí sonracha ina bhféadfadh teagmhálacha díreacha agus comhar idir údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha na mBallstát a bheith ar an mbealach is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha leasa fhrithpháirtigh;

(e) Malartú rialta faisnéise a sholáthar maidir le comhar idir-réigiúnach idir údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha na mBallstát;

(f) Malartú taithí agus eolais i réimse an bheartais réigiúnaigh agus idirghabhálacha struchtúracha a spreagadh, idir A) údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine agus B) údaráis áitiúla agus réigiúnacha na mBallstát, go háirithe fios gnó agus teicnící a bhaineann le pleananna nó straitéisí forbartha áitiúla agus réigiúnacha a ullmhú agus an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as na Cistí réamhaontachais agus struchtúracha;

(g) Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine trí bhíthin malartú faisnéise, go háirithe cur chun feidhme phrionsabal na coimhdeachta i ngach gné den saol ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach;

(h) Aon ábhar eile a thagann chun cinn i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais a phlé, lena n-áirítear i ndáil le próiseas aontachais na hAlbáine leis an Aontas Eorpach.

(2) Beidh ar an gComhchoiste Comhairliúcháin le Coiste Réigiúin an Aontais Eorpaigh ochtar ionadaithe ar Choiste na Réigiún, ar thaobh amháin, agus ochtar ionadaithe tofa ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine, ar an taobh eile. Féadfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin cinneadh a dhéanamh le tromlach dá chomhaltaí ó Choiste na Réigiún agus le tromlach dá chomhaltaí ón Albáin chun an líon ionadaithe a athrú. Beidh an líon ionadaithe ar Choiste na Réigiún agus ar an Albáin fós comhionann agus ní rachaidh an líon ionadaithe thar trí dhuine déag faoi seach. Ceapfar an líon céanna comhaltaí malartacha.

(3) Déanfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích ar bhonn comhairliúcháin ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais nó, a mhéid a bhaineann leis an gcomhphlé idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a chur chun cinn, ar a thionscnamh féin.

(4) Féadfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais.

(5) Roghnófar na comhaltaí chun a áirithiú go mbeidh an Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún ina léiriú chomh dílis agus is féidir ar na comhpháirtithe sóisialta éagsúla agus ar eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta, san Aontas Eorpach agus san Albáin araon. Déanfaidh rialtas na hAlbáine ainmniúcháin oifigiúla chomhaltaí na hAlbáine ar bhonn moltaí ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha san Albáin agus lena n-áiritheofar iolrachas polaitiúil agus cothromaíocht inscne. Beidh na moltaí sin bunaithe ar nósanna imeachta roghnúcháin cuimsitheacha trédhearcacha a dhéanfaidh ionadaithe a bhfuil sainorduithe áitiúla nó réigiúnacha acu.

(6) Glacfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún a rialacha nós imeachta féin.

(7) Déanfaidh comhalta de Choiste na Réigiún agus ionadaí ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hAlbáine comhchathaoirleacht ar an gComhchoiste Comhairliúcháin le Coiste Réigiún.

(8) Íocfaidh Coiste na Réigiún, ar thaobh amháin, agus Rialtas na hAlbáine, ar an taobh eile, na speansais arna dtabhú de bharr rannpháirtíocht a dtoscairí agus a bhfoirne tacaíochta i gcruinnithe an Chomhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún, go háirithe maidir le caiteachas taistil agus cothaithe.

(9) Is ar an bPáirtí a óstálfaidh na cruinnithe a thitfidh aon chostas eile a bhaineann le heagrú ábhartha na gcruinnithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh

Thar ceann na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais

An Cathaoirleach